

## **Beartas Choláiste Pobail Chléire Um Chaomhnú Leanaí:**

**Aidhm an Choláiste:** Cumas ár ndaltaí sa Ghaeilge a threisiú agus a fhorbairt maraon le blaiseadh de saol oiléanda agus gaeltachta a sholáthar ar bhealach taitnemahach agus oiriúnach.

### **Aidhmeanna an bheartais:**

1: Pobal an choláiste a chosaint ar bhulaíocht-treoirlínte 'Tús Áite do Leanaí' a leanúint mar aon leis an treoir sonrach leagtha síos anseo.

3. Atmaisféar a chruthú le múinín, macántacht agus sábháilteachta a chothú i measc pobal an choláiste

### **Scóp:**

Is iad foireann agus daltaí an choláiste atá faoi scáil an bheartais seo.

### **Treoirlínte sonrachta um Choláiste Pobail Chléire:**

1. Cúirtéis, meas agus dea-bheas a léiriú i gcónaí sa choláiste, sna tithe, agus leis an bpobal i gcoitinne.
2. Poncúlacht ó thaobh ranganna, imeachtaí agus gnó uile an choláiste
3. Glacadh le treoir ón bpríomhoide, na múinteoirí, cinnírí agus na mná tí d'fhoinn sábháilteachta gach ball de Pobail an choláiste a chur chun cinn.
4. Timpeallacht fisiciúil an choláiste a choiméad slán is é sin, bruscar a chur sna boscaí atá ar fáil, seomraí ranga a bheith glan, go gcoimdéafaidh na daltaí agus na baill foirne a spás pearsanta glan agus néata sna tithe.
5. Ní cheadaítear guma coganta i rith an chúrsa
6. Ní cheadaítear aon chur isteach fisiciúil ar aon duine i bpobal an choláiste.
7. Ní cheadaítear aon chur isteach síceolaíoch ar aon duine i bpobal an choláiste.
8. Ní cheadaítear damáiste nó loit ar threalamh/ar fhoirgneamh an choláiste
9. Ní cheadaítear alcól, tobac nó substaintí mídhleathacha nó baolacha a bheith i seilbh nó in úsáid ar an gcúrsa seo.
10. Bíodh na seomraí ranga faoi ghlás nuair a bhíonn na ranganna thatart chun sábháilteachta na leanaí a chur chun cinn.
11. Ní cheadaítear d'aon dalta a bheith in áit gan ceannaire nó múinteoir ina theannta
12. Ní cheadaítear d'aon snámh gan ceannaire nó múinteoir ina theannta

### **Sainmhíniú:**

Is éard atá i gceist le bulaíocht ná duine amháin nó grúpa ag cur isteach go leanúnach ar dhaoine eile, ó bhéil, ar bhonn síceolaíoch nó ar bhonn fisiciúil.

Ní féidir bulaíocht a chur ar eachtraí aonaracha. Nuair atá na heachtraí thusaí luaite ag tarlú go leanúnach áfach, is bulaíocht atá ann. Bíonn rath ar bhulaíocht in áiteanna agus in atmaisféar rúnda agus ní féidir smacht a chur air go dtí go nglacann pobal an Choláiste go **bhfuil an fhreagracht ar gach duine bulaíocht a thabhairt chun solais má tá sé ag tarlú dóibh nó do dhaoine timpeall orthu.**

Beidh an DCA/ leas DCA ar fáil don fhoireann le haghaidh comhairliúcháin maidir le hamhrais nó faisnéis faoi mhí-úsáid ó leanaí

## **Cosaint Sonrai**

Is ceart na taifid agus na sonraí ar fad atá déanta a choimeád mar ábhar faoi rún daingean, agus is ceart don bhainistíocht an Choláiste iad a chur in áit sábháilte.

Ní ceart sonraí a roinnt ach “ar bhonn riachtanais” ar mhaithe leis an té go bhfuil an bualaíocht á dhéanamh orthu.

## **Maistíneacht nó Bualaíocht**

Is léir go dtarlaíonn maistíneacht sa Choláiste ó am go ham. Má dhéantar aon ghearrán maidir le seo, beag nó mór le haon bhall den fhoireann, ní mór an t-eolas a thabhairt don Phríomh Oide nó Bainisteoir, agus an cheist a iniúchadh go hiomlán ach a bheith discréideach agus tuisceanach.

Is léir áfach nach ndéantar gearrán foirmeálta sa chuid is mó de na cásanna agus ba cheart do gach ball den fhoireann a bheith ag faire amach don mí-iompar seo. Tá ról ar leith ag na mná tí sa cheist seo, mar go hiondúil, bionn sé níos easca é seo a aithint sna tithe ná sa Choláiste go ginearálta.

Tá sé easca go leor maistíneacht fisiciúil a aithint. Is Comónta go mór, áfach, an mhaistíneacht síceolach.. Bionn sé seo thíos, de ghnáth orthu siúd is laige agus is goilliúnaí. Ba cheart d'aon bhall den fhoireann a cheapann go bhfuil maistíneacht ag tarlú, beag nó mór, é seo a chur in iúl don Phríomh Oide nó Bainisteoir.

Ba cheart gach gearrán NÓ amhras maidir le maistíneacht a léiriú sna leabhair notaí. Breactar síos ainmneacha na ndaoine i gceist, an dáta, an eachtra agus na céimeanna a tógadh.

## **Maistíneacht, tromáíocht nó Bualaíocht**

Sainmhíníonn Roinn Oideachais na Poblachta tromáíocht mar ‘ionsaithe leanúnacha, de bhéal, go siceolaíoch nó go fisiciúil arna cur i gcrích ag aonarú nó ag grúpa in éadan daoine eile.’ Léiríonn taighde a rinneadh le déanaí go ndéantar tromáíocht ar thrian d’ógánaigh na hÉireann ag tráth éigin dá saol. Is léir go bhfuil páistí atá ina gcónaí as baile don chéad uair agus gan aon chairde i mbaol ar leith. Is minic iad ró-fhaiteach chun aon rud a rá ar eagla go ndéanfaí magadh fúthu nō go dtarlódh ionsaí arís orthu.

Níl an Coláiste sásta ligean do thromaíocht d'aon chineál tarlú idir na páistí a bhíonn faoi chúram na heagraíochta nō ó chomhaltaí foirne agus gníomháíonn siad láithreach nuair atá aon fhianaise go bhfuil sé ag tarlú.

Baineann maistíneacht le cách, ní amháin le na bualaithe agus na íobartachaí, baineann sé le na scoláirí a bhíonn ag féachaint ar an maistíneacht. Chomh maith le sin, tá an baol ann go dtarraingítear scoláirí níos lú ionsaitheach isteach san rud tré brú an ghrúpa. Ní cheart go mbeadh ar éinne cur suas lena leithéid d'iompar.

## **Cad is Maistíneacht ann?**

Seard is maistíneacht ann ná ionsaí athfhillteach, bíodh sé briathartha, síceolaíoch nó fisiceach, a dhéanann duine aonair nō grúpa ar dhaoine eile. (Treoirlínte agus cur chuige Um Chaomhnú Páistí 2001)

Is iompar d'aon ghnó é seo, a chránn, a chorraíonn agus a imeaglaíonn duine. Is féidir le maistíneacht tarlú trí roinnt cineál iompar frithshóisialta. Is féidir leis bheith

- a) Fisiceach.  
Is féidir le dalta bheith buailte, ciceáilte nó seile caite orthu, 7rl,
- b) Briathartha  
Cuimsíonn mí-úsáid briathartha ag glaoch ainmneacha, tarcaisniú agus bagaírt. Is féidir leis bheith thíos, cineál, bunús eitneach, míchumas fisiceach/sóisialta, nó pearsantacht, 7rl
- c) Eisiúmh

Is féidir maistíneacht a dhéanamh ar scoláire tré iad a fhágaint amach as gníomhaíochtaí/comhráití le’ hiad sin a chreidtear atá mar chairde acu.

d) Sracaireacht

Is féidir leis an bualaí úsáid a bhaint as bagairtí fisiceach i dtreo is gur féidir leo maoin a srac ón íobartach.

e) Damáiste chuig maoin nó gadaíocht

f) Is féidir damáiste a dhéanamh go maoin an duine nó is féidir iad bheith goidte.

Dá dheasca sin is den riachtanas é go mbeadh gach duine ar a bhfuil freaghracht i leith daoine óga – cinnírí/múinteoirí/ mná tí/ionadaithe áitiúla san airdeall agus bheith ag faire ar chomharthaí sóirt chineál seo a leanas:

- eagla roimh imeacht amach ina (h)aonar
- cuma fhaiteach
- éadaí strócaithe gan aon mhíniú
- gortuithe gan aon mhíniú e.g. liúracha ar na súile, aghaidh, géaga agus na cos
- cailliúint airgid ar bhonn rialta
- iompar conlaithe, as caractar
- iompú ina (h)aonarán

Ní mór d’airíoch nó ball foirne a éiríonn amhrasach agus a fhaigheann eolas faoi thromaíocht, an méid sin a chur in iúl don Phríomhoide (nó do dhuine cuí eile)

Ba chóir daoine óga a spreagadh chun labhairt le cinnire nó le múinteoir má tá tromaíocht á déanamh orthu féin nó ar chairde leo. Is gá don fhoireann a bheith fíor-aireach mar gur minic a bhíonn leisce ar dhaoine óga tuairisc a thabhairt faoi thromaíocht – agus léiríonn taighde nach minic a dhéanann siad tuairisciú ar a leithéid.

Is cóir a mheabhrú freisin, má tá an lucht tromaíochta freisin faoi chúram na heagraíochta, gur gá a bheith an-chúramach ag déileáil leo. B’fhéidir go bhfuil siad féin faoi strus nó faoi bhrú nó go bhfuil tromaíocht nó drochídé á bhfuilaingt acu féin ian Choláisteanna nó ina gcomharsanacht féin. Dá bhféadfaí iad a mhealladh chun píosa a scríobh faoin eachtra tromaíochta d’fhéadfadh an méid sin féin tuiscint a thabhairt dóibh ar an gcaoi ina mbraitheann na daoine óga a ndearna siad féin tromaíocht orthu.

Chomh luath agus a shroicheann daoine óga an Ghaeltacht ba chóir a shoiléiriú dóibh cad a bheidh in ndán dóibh má thosaíonn siad ag gabhláil do thromaíocht. Déanfar soiléir dóibh go ndéanfaidh an Príomhoide lánfhiosrú agus na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun a leithéid a cheannsú e.g. an cheist a phlé leis an mac léinn nó na mic léinn atá faoi amhras agus lena dtuismitheoirí – agus más gá, iad a dhíbirt abhaile.

**Conas déileáil le heolas a nochtann páistí.**

Nuair a chuirtear faisnéis ar fáil faoi rún, beidh ar an mball foirne bheith tuisceanach mothálacht agus é/í ag freagairt don eolas a scaoiltear. Is intuigthe go mbeidh an páiste faoi mhór strus mar sin caithfidh an ball foirne an páiste a chur ar a shuaimhneas, agus a (h) iontaoibh a choimeád agus é/í ag míniú don pháiste an tábhacht atá le gníomhú sa chás, nó tortaí a bheidh ar an gníomh agus go mbeidh air/uirthi an t-eolas a thabhairt do dhaoine fásta eile.

Ag caint leis an bpáiste;

- Éist leis an bpáiste
- Cuir an páiste ar a s(h)uaimhneas ach ná geall aon rud dóibh
- Lig don pháiste an scéal a insint dóibh féin. Ná cuir aon treoir leis an gcomhrá.
- Chaithfeá fanúint neodrach
- Mínigh don pháiste go mbeidh ort tuilleadh cabhrach a lorg
- Coimeád tuairisc cruinn faoin díospóireacht.

Má bhíonn an Duine Caidrimh Ainmnithe sásta go bhfuil bunús réasúnta maith leis an amhras nó an líomhain ba cheart dóibh tuairisc phearsanta i scríbhinn nó ar an bhfón a chur ar fáil don oibrí sóisialta ar dhualgas sa bhord Sláinte. I gcás éigeandála cuirtear an tuairisc ar aghaidh chuig An Garda Síochána ag aon stáisiún Garda Síochána

### **An Fhriotháil agus an Tuairisciú Ceart.**

Is ar na Boird Sláinte agus ar an Garda Síochána atá an fhreagracht maidir le cásanna drochíde ar pháistí. Níl sé cuí d'aonaráin nó don eagraíocht fiosrúcháin inmheánacha a reáchtail i gcásanna nuair a mheastar go bhfuil drochíde ar dhaoine óga i gceist. Ba chóir don té atá freagrach san eagraíocht e.g Bainisteoir a thuairisciú don Stiúrthóir Pobalchúraim sa Bhord cuí Sláinte.

Má tá amhras ar bith ann go bhfuil maistíneacht ar siúl, labhraítear leis an íobartach, leis an bualaí agus le haon fianné. Tugtar cabhair, comhair/iocht agus tacaíocht don íobartach agus don bhulaí.

Tugtar tacaíocht don íobartach tré:

- Deis a thabhairt dóibh labhairt faoin eachtra. Is féidir leis an íobartach an múinteoir gur mhaith leo caint le a roghnú iad fén.
- An eachtra a chur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí an íobartacha.
- Tré tacaíocht leanúnach a chur ar fáil dóibh nuair atá sé ag teastáil uathu.

Cuirtear smacht ar an mbulaí agus cabhraítear leo tré:

- Caint leo faoi cad a tharla agus iarracht a dhéanamh fáil amach céan fáth gur deineadh é.
- An eachtra a chur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí an bhulaí.
- Ag obair leis an mbulaí chun na dearcaidh claonta atá acu a athrú.

### **Céimeanna Smachta:**

1. Tugtar rabhadh oifigiúla don bhulaí stop a chur leis an iompar.
2. Labhraítear le tuismitheoirí/caomhnóirí an bhulaí.
3. Is féidir an bualaí a fhágaint as an príomh ghrúpa ag na sosanna agus ag am lóin.
4. Cuirtear iad ar ‘choinneáil’
5. Déantar socrú comórtha a thabhairt dóibh chuig agus ó scoil.
6. Muna gcuirtear stop leis an iompar, cuirtear abhaile ón gcúrsa iad.

### **Mí-úsáid Pháistí**

Sá lá atá inniu ann tá sé de dhualgas orainne go léir féachaint leis an gcaighdeán cúram is airde a sholáthar do na daltaí d'fhonn a sláinte a chothú agus chun iad a chosaint ó dainséar nó diobháil.

Toisc go mbímid ag obair le páiste duine faoi ocht mbliana d'aois. Caithfidh Comharchumann Chléire Teo., ball sinsearach de gach fhoireann a bhíonn ag obair ar na cúrsáid difriúla i rith an tsamhraidh a ainmniú mar an Duine Caidrimh Ainmnithe. Beidh an Duine Caidrimh Ainmnithe freagrach as gach déileáil le nó boird sláinte agus beidh freagracht shainiúla air/uirthi as cosaint páistí. De ghnáth, is é/í an príomhoide an Duine Caidrimh Ainmnithe. Áfach, muna bhfuil an Duine Caidrimh Ainmnithe ar fáil, ba cheart socruithe a bheith déanta go ngabhfadh ball eile den fhoireann a c(h)uid dualgas air/uirthi fén.

Is féidir mí-úsáid pháistí a bhriseadh suas i gceithre chatagóir difriúil; neamhchúram, mí-úsáid mhaoithneach, mí-úsáid fhisiceach, agus mí-úsáid ghnéasach.

#### 1. Neamhchúram

Féachtar ar neamart mar dhrochíde ar dhuine óg nuair a bhíonn sé leanúnach agus tromchúiseach agus go mbíonn mar thoradh air lagú tromchúiseach ar shláinte nó ar fhorbairt duine óig.

Is féidir neamhchúram a sainmhíniú i dtéarmaí rud a fhágaint amach áit a bhíonn an páiste ag fulaingt dochair nó diobháil forbartha de bharr bia, éadaí, teas, sláinteachas, sábháilteach, feitheoirreacht, 7rl a choinneáil uathu.

- gan cóir leighis chuí a sholáthar
- gan maoirseoiréacht cuí a sholáthar
- faillí seasta i gcinntiú freastal scoile
- easpa caidreamh agus tacaíocht ó thuismitheoirí

## 2. Mí-úsáid mhaoithneach

Faightear é seo sa chaidreamh idir páiste agus an duine ag tabhairt aire dóibh. Tarlaíonn sé nuair nach comhlíontar riachtnas páiste le haghaidh, ciona, formheasa, comhsheasmhactha agus slándála. San áireamh anseo tá an dochar a fhulaingíonn duine óg mar thoradh ar an imeaglú, ar bheith dúnta amach ón gcomhluadar, ar dhúshaothrú mothúchánach, go leanúnach faoi thromaíocht, faoi scige, nó faoi ionsaithe béil.

## 3. Mí-úsáid fhisiceach

Is í is drochídé fhisiciúil ann i gcás duine óig ná úsáid fórsa, nach tionóisc é, ach d'aon ghnó, ag an airíoch ar an duine óg atá faoi c(h)úram agus í mar aidhm leis an drochídé ná an duine óg a ghortú nó, d'aon toisc, gan an gortú sin a chosc. I gcásanna airithe le dhrochídé fhisiciúil is d'aon toisc a dhéanann an duine fásta é. Ach i gcásanna eile tarlaíonn sé nuair a úsáideann tuismitheoirí nó caomhnóirí pionós fisiciúil ró-throm, a fhágann an duine óg gortaithe. Tá sé tábhachtach i gcás daoine gairmiúla, múinteoirí san áireamh nach den lucht leighis iad, a thugann drochídé faoi deara, go ndéanfaidís fiosrú, mar thus, faoi chuíos an ghortaithe, cé gur féidir nach nglacfaidh siad leis an míniú agus go gcinnfidh siad ar chéim bhreise a ghlacadh.

Sé mí-úsáid fhisiceach ná aon short de ghortú d'aon ghnó de bharr loiceadh an páiste a chosaint.

## 4. Mí-úsáid ghnéasach

Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach nuair a úsáideann duine eile páiste le haghaidh a sásamh nó múscailt gnéasacha féin nó daoine eile. Is í is drochídé ghnéasach ann na daoine óga spleácha, anabaí a bheith páirteach in imeachtaí gnéasacha nach dtuigeann siad go hiomlán, gur imeachtaí iad nach bhfuil ar a gcumas aontú leo as eolas nó a dhéanann sárú ar gheasa sóisialta na clainne nó an airígh nó atá in éadan an dlí. Seo úsáid daoine óga ag daoine eile mar mhaithe le sásamh gnéasach agus chun mothú cumhactha a thabhairt don íditheoir. Tá cineálacha éagsúla i gceist e.g. a bheith ag caint ar mhodh ghnéasach, nochtadh, tadhall a dhéanamh leis an bpáiste etc go dtí lán chomhriachtain ghnéasach.

Is coir í drochídé a thabhairt do dhuine óg atá faoi bhun a 18 agus déanfaidh an Bord Sláinte í a thuairisciú don Gharda Síochána.

Tá buntábhacht i gcónaí le hairdeall chun drochídé a sheachaint ach i gcás ina bhfuil drochídé tar éis tarlú cheana féin tá comharthaí áirithe ar chóir a bheith ag faire amach dóibh go speisialta.

## Comharthaí Drochídé

Freagróidh daoine óga do dhrochídé ar bhealaí éagsúla. Dhéadfadh an fhreagairt dul thar réimse ón bpáiste cúnla isteach ann (innti) féin mar aon le hairdeall fuarageanta go dtí, ar an dtaobh eile, go dtí iompar ionsaitheach nó aisteoirreachta. Nuair a bhíonn páiste an-chiúin agus cúlaithe isteach ann (innti) féin, go minic ag lorg aire, an-deorach nó ionsaitheach, d'fhéadfadh gur comhartha é go bhfuil *trauma* i saol an pháiste. Tá flíuchadh leaba; tromluithe, rith ón mbaile (nó a leithéid a bagairt); caint nó gníomharthaí faoi fhéinmharú; ró-ól alcóil nó drugaí agus gadaíocht ina geomharthaí gur chóir do dhuine fásta atá buartha a nótáil agus gníomhú dá mbarr.

## Comharthaí ar Dhrochídé mhothúchách

Bíonn drochídé mhothúchánach deacair a aithint go minic mar gur minic a bhíonn a chroílár suite san idirghníomhaíocht idir tuismitheoir, nó an múinteoir agus an duine óg agus ní bhíonn comharthaí soiléire le feiceáil de gnáth.

D'fhéadfadh na tortaí síceolaíoch dhrochídé mhothúchánach a bheith fadtéarmach agus an-damáisteach. Leanfaidh titim féin-mheasa drochídé mhothúchánach agus d'fhéadfadh sé raon leathan de fhriththorthaí a ghiniúint – ó dho-mheanma, go páirtíocht i gcomhluadar a sheachaint agus a bheith an-chú thálach go dtí fearg, bréagaistroimeacht agus tromáiocht.

## **Comharthaí de Dhrochíde Ghnéasach:**

- Leideanna faoi ghníomhaíocht nó drochíde ghnéasach
- Tuiscint thar leibhéal a (h)aoise ar iompar gnéasach
- Imirt neamhoiriúnach gnéasach le daoine óga eile nó le bréagáin
- A bheith drogallach faoi éadaí a bhaint
- Eagla nó olc míchuibheasach a nochtadh i leith daoine fásta nó daoine níos sine
- fo-éadaí agus ful orthu.

Comharthaí is iad an méid seo thusa a d'fhéadfadh leide a thabhairt faoi dhrochíde a bheith á fulaingt ag páiste. Ach níor cóir leide amháin a ghlaicadh mar chruthú do-shéanta agus tá sé tábhachtach gan teacht ar bhreithiúnas láithreach bonn. Mar sin fén ba chóir go mba leor iad chun an duine fásta a chaithfidh déileáil go fuarchúiseach leo a chur ar a (h)aire.

## **Treoirlínte Chun Tuairisciú Drochíde a Láimhseáil**

Má thugann duine óg tuairisc faoi dhrochíde d'fhostaí den eagraíocht nó d'airíocha ba chóir gníomhú mar seo a leanas:

- Is den riachtanas é tosú le freagra dearfach don duine óg a insíonn an scéal. Tá sé tábhachtach fanacht socair agus gan aon dearcadh mí-chuibheasach a léiriú faoin a bhfuil ráite. D'fhéadfadh an duine óg a bheith an-eaglach mar go mbeadh b'fhéidir bagairt tugtha dó/di gan focal a insint faoinar tharla.
- Níor chóir an duine óg a cheistiú ach amháin sa chás nach bhfuil an méid atá á rá aige/aici soiléir. Níor cheart saincheisteanna a chur faoin sórt drochíde a bhí i gceist. Má tá tú sásta go bhfuil bunús leis an gheárán, níor chóir duit tuilleadh eolais a lorg on bpáiste
- Ba chóir a rá leis an duine óg nach air (uirthi) siúd aon locht agus go ndearna sé/sí an rud ceart trí gearán a dhéanamh. Ba chóir é/i a mholadh as a c(h)inneadh gearán a dhéanamh agus ba chóir dearbhú a thabhairt nach gá a bheith buartha feasta faoina bhfuil curtha in iúl aige (aici)
- Ná déan aon scrúdú fisiciúil ar pháiste, seachas comharthaí seachtracha a nótáil. Ná leag do lámh ar an bpáiste agus ná lig do dhuine óg éadaí a bhaint nó a ardú – agus ná déan tú féin é ach oiread.
- Níor chóir rúndacht a gheallúint don duine óg ach is cóir a gheallúint nach dtabharfar aon eolas faoin gheárán ach do dhuine nó do dhaoine ar chóir an t-eolas a bheith acu d'fhoinn an cás a leigheas
- Ní mór gníomhú láithreach má tá an duine óg suite go fóill sa láithreán céanna inar tharla an drochíde. Ba chóir é seo a dhéanamh i gcomhairle leis an bpriomhoide/Bainisteoir
- Ba chóir tuairisc i scribhinn a ullmhú ina mbeidh na sonraí ar fad breacáithe síos chomh beacht agus is indéanta sin – cad a dúradh agus conas mar a d'iompar an duine óg é (í) féin.
- Bheadh de cheart ag Cúirt an tuairisc seo a lorg faoi *sub poena*, dá dtiocfadh cás dlí chun cinn. Ba chóir síniú agus dáta a bheith leis an dtuairisc agus í a bheith tugtha don Phríomhoide a choinneoidh in áit shábháilte í.
- Ní mór tuairisc a chur ar fáil don duine cuí san eagraíocht, mar atá rianaithe ar na Línte Freagrachta (féach Ich -), duine a dhéanfadh teagmháil leis an Oifigeach Pobalchúram sa Bhord Sláinte.
- Ba chóir a insint don duine óg cad é is dóichí a tharlóidh ina dhiaidh sin. Ba chóir gurb é an duine cuí – agus ar an mbealach cuí – a dhéanfadh é seo. Ní mór don duine a dtugtar an t-eolas dó/dí a bheith cúramach gan eolas mí-chruinn nó tuairimíocht a thabhairt
- Is cóir féachaint chuige gan a bheith ró-cheangailte leis an gcás, seachas leanacht de a bheith ag tabhairt tacaíochta don duine óg. Is gá a thuiscint go bhfuil an cúram as láhma an airígh chomh luath agus a bhíonn an cás tuairiscithe
- Is cóir a thuiscint go mbeadh tionchar pearsanta ar an éisteoir fad agus atá an duine óg ag cur síos ar an drochíde agus más gá, ba chóir don éisteoir úd duine cuí a aimsiú chun comhairle a thabhairt dó (dí), ach gan sárú ar an gcúram rúndachta.

## **Amhras faoi Dhrochíde**

Má tá amhras ann faoi dhrochídé d'aon chineál ar dhuine óg (tromaíocht san áireamh) ó aon fhoinse, ach nach bhfuil tuairiscithe, is cóir na céimeanna seo a leanas a ghlacadh.

Ba chóir nóta a ghlacadh d'amhras an airígh. Ba chabhair don airíoch í, b'fhéidir, dá ndéanfadh an t-airíoch an scéal a phlé le comhghleacaí más duine é/í a bhfuil amhras air/uirthi freisin. Sa chás go bhfuil an t-airíoch buartha go fóill ba chóir an scéal a thuairisciú don té atá thíreach i gceannas air/uirthi, a dhéanfaidh teagmháil le Bainisteoir nó le duine oriúnach eile san eagraíocht, a dhéanfaidh teagmháil leis an mBord Sláinte agus a gcuid comhairle a leanúint. Ba chóir don airíoch a thuiscint nach bhfuil sé (sí) ag déanamh líomhna nuair a chuireann sé/sí aon ábhar buartha i láthair. Nuair a léiríonn oibrí amhras *bona fide* déanfaidh an eagraíocht gach dícheall chun a chinntí nach bhfuilaingíonn an té a léirigh an t-amhras aon droch-thoradh nó tromaíocht dá bharr.

Nuair a bhaineann an t-amhras nó líomhain le ball eile foirne, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina fhadhb ag an oibrí ach ní mór don oibrí a chur san áireamh gurb é an bundualgas atá ar an eagraíocht ná sábháilteacht agus leas an duine óig agus, dá réir sin, gur dualgas air/uirthi amhras a thuairisciú.

## Céimeanna Smachta

- Labhraítear leis an duine i gceist
- Cuirtear fios láithreach ar a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí
- Seoltar abhaile láithreach iad ón gcúrsa
- Más ball don fhoireann a imir an mhí-úsáid caithfear tuairisc a thabhairt ar an ábhar don Duine Caidrimh Ainmnithe. Ba cheart don Duine Chaidrimh Ainmnithe tuairisc a sheoladh chuig an mBord Sláinte láithreach. Más é tuairim an Chomharchumann go n-éilíonn an líomhain beart láithreach, ba chóir don Bhainisteoir, a ordú don fhostaí fanacht as láthair ón gColáiste láithreach bonn.

## Córas Achomhaire

Tríd ár gcorás smachta faoi Mhí iompar (lch. 10) nó Bulaíocht / Maistíneacht (lch. 22) bíonn na tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas faoi scéal tar éis rabhadh ó bhéal a bheith faigte ag scoláire. Is féidir le tuismitheoirí nó le scoláire labhairt leis na daoine seo ar leanas muna bhfuil siad sásta leis an gcorás smachta

- An DIA/príomhoide nó an leas DIA
- ceannaire, múinteoir nó bean an tí
- bainisteoir an chúrsa

Má tá fadhbanna ag an scoláire agus / nó ag na tuismitheoirí / caomhnóirí fós d'fheadfaidís glaoch a chur ar bhainisteoir Chomharchumann Chléire Teo.

## Páiste a Chur Abhaile

Is rud an-dáiríre é páiste a chur abhaile. Seo sliocht as na rialacha

Níl cead alcól nó drugaí nó tobac de chineál ar bith a thógaint. (*Alcohol and drugs of any kind tobacco included are absolutely forbidden.*)

Caithfidh na scoláirí fanacht sna tithe ó 10.30 p.m. istoíche go dtí 9.30 a.m. ar maidin. (*Students must remain indoors from 10.30 p.m. in the evenings until 9.30 a.m. the following morning.*)

Níl cead ag scoláirí a mbeatha féin nó beatha duine ar bith eile a chur i mbaol in aon tslí. (*Students must not endanger their own lives or the lives of others in any way.*)

**Má bhristear na rialacha thuasluaite, cuirfear daltaí abhaile láithreach. (Breaking of the above rules will result in immediate dismissal from the course.)**

Ní dhéanfadh Coláiste Pobail Chléire cinneadh mar seo gan é a phlé go cruinn leis an scoláire agus le gach duine a bhí páirteach san eachtra, leis an bhfoireann ar fad agus leis na tuismitheoirí / caomhnóirí. I ndeireadh na dála.

**Drochiompar**

Tá sé fior thábhachtach dea-iompar den chaighdeán is airde a chothú agus an fhorbairt ar chúrsa samhraidh mar seo. Ní féidir linn glacadh le drochiompar d'aon shaghas mar cuireann sé daoine eile i mbaol. Mar sin, ní cheadaítear drochiompar de shórt ar bith i gColáiste Pobail Chléire, Comharchumann Chléire Teo.

Nuair a thagann grúpa mó� déagóirí lena gcéile tá an baol ann i gcónaí go mbeidh coimhlint pearsantachta ann. Go minic, cuirtear é seo in iúl i bhfoirm drochiompar. Spreagann an fhoireann na caighdeáin is airde i bhfein smacht agus smacht comhchoiteann i measc na ndaltaí. Cothaíonn spiorad an Choláiste agus pleanáil an churaclaim na dearcaidh agus na meonta atá riachtanach le haghaidh scoláirí chun cur lena bhforbairt pearsanta. Baintear úsáid as saothair a thabhairt do dhaltaí agus moladh chun dea-iompar a chaomhnú. Áfach, muna n-oibríonn na straitéisí seo baintear úsáid as smachtbhannaí. Má tá drochiompar ar siúl ag dalta moltar na céimeanna smachta seo leanas a thógaint:

1. Tugtar rabhadh oifigiúil don dalta stop a chur leis an drochiompar agus baintear feidhm as straitéis/pionós oriúnach, msh.
  - a. ag caint leis an dalta i gceist
  - b. ag caint leis na tuismitheoirí
  - c. ag cur an dalta ar ‘thuairise’ agus ag coimeád súil ar
  - d. obair bhereise le déanamh
2. Muna stopann an dalta cuirtear an dalta ar ‘choinneáil’ don tráthnóna agus baintear aon phribhléidí. Chomh maith, beidh ar an dalta glaoch gutháin chuit a dtuismitheoirí a dhéanamh.
3. Muna bhfuil an dalta sásta stop a chur leis an drochiompar atá ar siúl acu moltar iad a chur abhaile ón gcúrsa.

Nochtaitear drochiompar i bhfoirmeacha éagsúla. Thíos luite faightear sampla de drochiompair éagsúla:

- Droch chaint
- Graffiti
- Troid
- Bulaíocht nó maisíteacht
- Ag glaoch ainmneacha ar dhaoine
- Tagairtí nó iompar ciníoch nó gnéaschlaonta
- Pleidhcíocht sna tithe
- Daoine ag cur isteach ar oideachas daoine eile
- Ag tógaint rudaí nach mbaineann leat
- Ag déanamh damáiste do threalamh an Choláiste
- Ag caitheamh clocha
- Ag tógaint síob ó dhaoine áitiúl
- 

Seard is maistíneacht ann ná ionsaí athfhillteach, bíodh sé briathartha, síceolaíoch nó fisiceach, a dhéanann duine aonair nó grúpa ar dhaoine eile. (Treoirlínte agus cur chuige Um Chaomhnú Páistí 2001)

Is iompar d'aon ghnó é seo, a chránn, a chorraíonn agus a imeaglaíonn duine. Is féidir le maistíneacht tarlú trí roinnt cineál iompar frithshóisialta. Is féidir leis bheith

g) Fisiceach.

Is féidir le dalta bheith buailte, ciceáilte nó seile caite orthu, 7rl.,

- h) Briathartha  
 Cuimsíonn mí-úsáid briathartha ag glaoch ainmneacha, tarcaisniú agus bagairt. Is féidir leis bheith dírithe chuirg cineál, bunús eitneach, míchumas fisiceach/sóisialta, nó pearsantacht, 7rl
- i) Eisiamh  
 Is féidir maistíneacht a dhéanamh ar scoláire tré iad a fhágaint amach as gníomhaíochtaí/comhráití le’ hiad sin a chreidtear atá mar chairde acu.
- j) Sracaireacht  
 Is féidir leis an bulaí úsáid a bhaint as bagairtí fisiceach i dtreo is gur féidir leo maoin a srac ón íobartach.
- k) Damáiste chuirg maoin nó gadaíocht  
 l) Is féidir damáiste a dhéanamh go maoin an duine nó is féidir iad bheith goidte.

Dá dheasca sin is den riachtanas é go mbeadh gach duine ar a bhfuil freagracht i leith daoine óga – cinnírí/múinteoirí/ mná tí/ionadaithe áitiúla san airdeall agus bheith ag faire ar chomharthaí sóirt chineál seo a leanas:

- eagla roimh imeacht amach ina (h)aonar
- cuma fhaiteach
- éadaí strócaithe gan aon mhíniú
- gortuithe gan aon mhíniú e.g. liúracha ar na súile, aghaidh, géaga agus na cos
- cailliúint airgid ar bhonn rialta
- iompar conlaithe, as carachtar
- iompú ina (h)aonarán

Ní mór d’airíoch nó ball foirne a éiríonn amhrasach agus a fhaigheann eolas faoi thromaíocht, an méid sin a chur in iúl don Phríomhoide (nó do dhuine cuí eile)

Ba chóir daoine óga a spreagadh chun labhairt le cinnire nó le múinteoir má tá tromaíocht á déanamh orthu féin nó ar chairde leo. Is gódon fhoireann a bheith fíor-aireach mar gur minic a bhíonn leisce ar dhaoine óga tuairisc a thabhairt faoi thromaíocht – agus léiríonn taighde nach minic a dhéanann siad tuairisciú ar a leithéid.

Is cóir a mheabhrú freisin, má tá an lucht tromaíochta freisin faoi chúram na heagraíochta, gur gá a bheith an-chúramach ag déileáil leo. B’fhéidir go bhfuil siad féin faoi strus nó faoi bhrú nó go bhfuil tromaíocht nó drochídé á bhfulaingt acu féin ian Choláisteanna nó ina geomharsanacht féin. Dá bhféadfaí iad a mhealladh chun píosa a scríobh faoin eachtra tromaíochta d’fhéadfadh an méid sin féin tuiscint a thabhairt dóibh ar an gcaoi ina mbraitheann na daoine óga a ndearna siad féin tromaíocht orthu.

Chomh luath agus a shroicheann daoine óga an Ghaeltacht ba chóir a shoiléiriú dóibh cad a bheidh in ndán dóibh má thosaíonn siad ag gabhláil do thromaíocht. Déanfar soiléir dóibh go ndéanfaidh an Príomhoide lánfhiosrú agus na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun a leithéid a cheannsú e.g. an cheist a phlé leis an mac léinn nó na mic léinn atá faoi amhras agus lena dtuismitheoirí – agus más gá, iad a dhíbirt abhaile.

### **An Fhriotháil agus an Tuairisciú Ceart**

Is ar na Boird Sláinte agus ar an Gharda Síochána atá an fhreagracht maidir le cásanna drochídé ar pháistí. Níl sé cuí d'aonarain nó don eagraíocht fiosrúcháin inmheánacha a reáchtáil i gcásanna nuair a mheastar go bhfuil drochídé ar dhaoine óga i gceist. Ba chóir don té atá freagrach san eagraíocht e.g Bainisteoir a thuairisciú don Stiúrthóir Pobalchúraim sa Bhord cuí Sláinte.

Má tá amhras ar bith ann go bhfuil maistíneacht ar siúl, labhraítear leis an íobartach, leis an bulaí agus le haon finné. Tugtar cabhair, comhair/iocht agus tacáíocht don íobartach agus don bhulaí.

Tugtar tacaíocht don íobartach tré:

- Deis a thabhairt dóibh labhairt faoin eachtra. Is féidir leis an íobartach an múinteoir gur mhaith leo caint le a roghnú iad féin.
- An eachtra a chur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí an íobartacha.
- Tré tacaíocht leanúnach a chur ar fáil dóibh nuair atá sé ag teastáil uathu.

Cuirtear smacht ar an mbulaí agus cabhraítear leo tré:

- Caint leo faoi cad a tharla agus iarracht a dhéanamh fáil amach céan fáth gur deineadh é.
- An eachtra a chur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí an bhulaí.
- Ag obair leis an mbulaí chun na dearcaidh clionaata atá acu a athrú.

### **Céimeanna Smachta:**

7. Tugtar rabhadh oifigiúla don bhulaí stop a chur leis an iompar.
8. Labhraítear le tuismitheoirí/caomhnóirí an bhulaí.
9. Is féidir an bulaí a fhágaint as an príomh ghrúpa ag na sosanna agus ag am láin.
10. Cuirtear iad ar ‘choinneáil’
11. Décantar socrú comórtha a thabhairt dóibh chuig agus ó scoil.
12. Muna gcuirtear stop leis an iompar, cuirtear abhaile ón gcúrsa iad.

### **Comharthaí Drochíde**

Freagróidh daoine óga do dhrochíde ar bhealaí éagsúla. Dhéadfadh an fhreagairt dul thar réimse ón bpáiste cálú isteach ann (innti) féin mar aon le hairdeall fuaingeanta go dtí, ar an dtaobh eile, go dtí iompar ionsaitheach nó aisteoireachta. Nuair a bhíonn páiste an-chiúin agus cúlaithe isteach ann (innti) féin, go minic ag lorg aire, an-deorach nó ionsaitheach, d'fhéadfadh gur comhartha é go bhfuil *trauma* i saol an pháiste. Tá fliuchadh leaba; tromluithe, rith ón mbaile (nó a leithéid a bagairt); caint nó gníomharthaí faoi fhéirmharú; ró-ól alcóil nó drugaí agus gadaíocht ina gcomharthaí gur chóir do dhuine fásta atá buartha a nótáil agus gníomhú dá mbarr.

### **Drochíde Fhisiciúil**

Bí aireach faoi na comharthaí seo a leanas:

- ballbhrú gan míniú
- Gortú leanúchcha
- dónna nó scála
- marcanna toitíní
- cnámha briste
- greamanna
- scéalta/leithscéalta gan dealramh faoi ghortuithe

### **Comharthaí Neamairt**

- easpa bia
- éadaí agus cruth salach/bréan go seasta
- easpa éadaí
- neamh-chneasú ar ghortuithe

### **Comharthaí ar Dhrochíde Mhothúchách**

Bíonn drochíde mhothúchánach deacair a aithint go minic mar gur minic a bhíonn a chroílár suite san idirghníomhaíocht idir tuismitheoir, nó an múinteoir agus an duine óg agus ní bhíonn comharthaí soiléire le feiceáil de gnáth.

D'fhéadfadh na torthaí síceolaíoch dhrochíde mhothúchánach a bheith fadtéarmach agus an-damáisteach. Leanfaidh titim féin-mheasa drochíde mhothúchánach agus d'fhéadfadh sé raon leathan de fhrithorthaí a ghiniúint – ó dho-mheanma, go páirtíocht i gcomhluadar a sheachaint agus a bheith an-chú thálach go dtí fearg, bréagaistroimeacht agus tromaíocht.

### **Comharthaí de Dhrochíde Ghnéasach:**

- Leideanna faoi ghníomhaíocht nó drochíde ghnéasach
- Tuiscint thar leibhéal a (h)aoise ar iompar gnéasach
- Imirt neamhoiriúnach gnéasach le daoine óga eile nó le bréagáin
- A bheith drogallach faoi éadaí a bhaint
- Eagla nó olc míchuibheasach a nochtadh i leith daoine fásta nó daoine níos sine
- fo-éadaí agus ful orthu.

Comharthaí is iad an méid seo thusa a d'fhéadfadh leide a thabhairt faoi dhrochíde a bheith á fulaingt ag páiste. Ach níor cóir leide amháin a ghlaicadh mar chruthú do-shéanta agus tá sé tábhachtach gan teacht ar bhreithiúnas láithreach bonn. Mar sin féin ba chóir go mba leor iad chun an duine fásta a chaithfidh déileáil go fuarchúiseach leo a chur ar a (h)aire.

### **Treoirlínte chun tuairisciú drochíde a láimhseáil**

Má thugann duine óg tuairisc faoi dhrochíde d'fhostaí den eagraíocht nó d'airíocha ba chóir gníomhú mar seo a leanas:

- Is den riachtanas é tosú le freagra dearfach don duine óg a insíonn an scéal. Tá sé tábhachtach fanacht socair agus gan aon dearcadh mí-chuibheasach a léiriú faoin a bhfuil ráite. D'fhéadfadh an duine óg a bheith an-eaglach mar go mbeadh b'fhéidir bagairt tugtha dó/di gan focal a insint faoinar tharla.
- Níor chóir an duine óg a cheistiú ach amháin sa chás nach bhfuil an méid atá á rá aige/aici soiléir. Níor cheart saincheisteanna a chur faoin sórt drochíde a bhí i gceist. Má tá tú sásta go bhfuil bunús leis an ghearán, níor chóir duit tuilleadh eolais a lorg on bpáiste.
- Ba chóir a rá leis an duine óg nach air (uirthi) siúd aon locht agus go ndearna sé/sí an rud ceart trí gearán a dhéanamh. Ba chóir é/i a mholadh as a c(h)inneadh gearán a dhéanamh agus ba chóir dearbhú a thabhairt nach gá a bheith buartha feasta faoina bhfuil curtha in iúl aige (aici)
- Ná déan aon scrúdú fisiciúil ar pháiste, seachas comharthaí seachtracha a nótáil. Ná leag do lámh ar an bpáiste agus ná lig do dhuine óg éadaí a bhaint nó a ardú – agus ná déan tú féin é ach oiread.
- Níor chóir rúndacht a gheallúint don duine óg ach is cóir a gheallúint nach dtabharfar aon eolas faoin ghearán ach do dhuine nó do dhaoine ar chóir an t-eolas a bheith acu d'fhoinn an cás a leigheas
- Ní mór gníomhú láithreach má tá an duine óg suite go fóill sa láithreán céanna inar tharla an drochíde. Ba chóir é seo a dhéanamh i gcomhairle leis an bpríomhoide/Bainisteoir
- Ba chóir tuairisc i scríbhinn a ullmhú ina mbeidh na sonraí ar fad breacáithe síos chomh beacht agus is indéanta sin – cad a dúradh agus conas mar a d'iompar an duine óg é (i) féin.
- Bheadh de cheart ag Cúirt an tuairisc seo a lorg faoi *sub poena*, dá dtioefadh cás dlí chun cinn. Ba chóir síniú agus dáta a bheith leis an dtuairisc agus í a bheith tugtha don Phríomhoide a choinneoidh in áit shábháilte í.
- Ní mór tuairisc a chur ar fáil don duine cuí san eagraíocht, mar atá rianaithe ar na Línte Freagrachta (féach Ich -), duine a dhéanfadh teagmháil leis an Oifigeach Pobalchúraim sa Bhord Sláinte.
- Ba chóir a insint don duine óg cad é is dóichí a tharlóidh ina dhiaidh sin. Ba chóir gurb é an duine cuí – agus ar an mbealach cuí – a dhéanfadh é seo. Ní mór don duine a dtugtar an t-eolas dó/dí a bheith cúramach gan eolas mí-chruinn nó tuairimíocht a thabhairt
- Is cóir féachaint chuige gan a bheith ró-cheangailte leis an gcás, seachas leanacht de a bheith ag tabhairt tacaíochta don duine óg. Is gá a thuiscint go bhfuil an cúram as lámha an airígh chomh luath agus a bhíonn an cás tuairiscithe
- Is cóir a thuiscint go mbeadh tionchar pearsanta ar an éisteoir fad agus atá an duine óg ag cur síos ar an drochíde agus más gá, ba chóir don éisteoir úd duine cuí a aimsiú chun comhairle a thabhairt dó (dí), ach gan sárú ar an gcúram rúndachta.